AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0066/2010

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Comhphobail agus Cuimsitheacha Agus Oifigigh Feidhmiúcháin Choisti Gairmoideachais**

## Clár um Shocrúchán Oibre de Chuid FÁS

1. Déanann Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-14 foráil ar thacaíocht iomlán sa Stát Seirbhís agus sna gníomhaireachtaí Stáit le haghaidh clár agus tionscnamh chun na dífhostaithe a thacú agus a chabhrú, ina n-áirítear an Clár um Shocruchán Oibre de Chuid FÁS (CSO)

2. Tá an CSO dá chur ar siúl anois sa Stát Seirbhís, sna gníomhaireachtaí Stáit agus sna dreamanna eile sa tseirbhís phoiblí. Ceadaítear do scoileanna rannpháirt a ghlacadh sa chlár. Cuirfidh sé ar chumas scoileanna iarratas a dhéanamh chun duine amháin nó níos mó a cheapadh chun críche socrúcháin um thaithi oibre ar feadh 25 – 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar feadh íostréimhse 2 mhí nó ar feadh uastréimhse 9 mí. Is é atá i gceist sa scéim ná cabhrú le daoine atá dífhostaithe a gcuid leibhéal scileanna a choinneáil nó chun iad a chur ar tóir taithi oibre a chabhróidh leo fostaíocht a fháil.

3. **Cuireann an clár an dualgas ar scoileanna nach bhféadfadh socrúchán ar bith ball foirne faoi láthair a ionadú ná é a fheidhmiú chun post follamh a líonadh. Caithfidh gach scoil dearbhú a shíniú chun a leithéid a chomhlíonadh.** Chuige sin, ni féidir an clár a úsáid chun poist a líonadh atá cuimsithe ag an moratorium.

4. Agus tascanna iomchuí á socrú, ba chóir go mbeadh scoileanna eolach faoi nach mbeidh sé indéanta an clár a leathnú amach thar an tréimhse a bhí beartaithe chuige agus dá bhrí sin, nach féidir bheith ag súil go bhféadfaí duine a choinneáil thar thréimhse an socrúcháin. Ina theannta sin, ní chuirfear acmhainní sa bhreis ar fáil do scoil chun leanúint le tasc oibre farasbarr fad tréimhse an tsocrúcháin. Is féidir le scoileanna an CSO a fheidhmiú chun oidí atá cláraithe leis an Chomhairle Múinteoireachta a fhostú agus san áireamh bíodh oidí nuacháilithe ach faoi réir cuid 3 den Imlitir seo. Sa chás go mbeidh oide cláraithe ag feidhmiú faoin CSO, is féidir a leithéid de dhuine a threorú chun tabhairt faoi dhualgais ghnáthmhúinteoireachta i scoil más i dtuairim an Bhoird Bhainistíochta a leithéid a bheith iomchuí agus go bhféadfaí eagair oiriúnacha a dhéanamh. Is féidir le scoileanna, freisin, úsáid a bhaint as an CSO chun daoine a fhostú i róil neamhmhúinteoireachta agus ba chóir dóibh céimithe neamhmhúinteoireachta a chur san áireamh de bhrí go bhféadfaidis bheith i seilbh scileanna luachmhara a rachadh chun leasa na scoile.

5. Duine ar bith a bheartaítear a fhostú ag scoil faoin CSO, beidh an duine sin faoi réir iniúchta ag An Garda Síochána. Ba chóir do scoileanna, mar sin, tic a chur sa bhosca "Tá" mar fhreagra ar an gceist "An mbeidh iniúchadh ag Garda ag teastáil" i gCuid B den Fhoirm Iarratais um Sholáthar CSO .

6. Ba chóir do scoil iarratas díreach a chur i láthair FÁS trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chuí (ar fáil ag **http://kiosk.fas.ie/wppapp/application.aspx**) más mian léi bheith mar sholáthraí socrúcháin oibre. Is féidir go mbeadh na Treoirlínte Ginearálta le haghaidh an Chláir um Shocrúcháin Oibre (faoi iamh) / Na Treoirlínte Chomhlánaithe don Fhoirm Iarratais um Sholáthar (ar fáil ag **http://www.fas.ie/NR/rdonlyres/8E541957-DDF0-4965-91FF-BB1F5AFEBD70/1106/2010709WPPProviderApplicationGuidelines1.pdf**) an Fhoirm Chomhaontaithe Socrucháin (faoi iamh) mar aon leis an gcáipéis Socrúcháin C&F (faoi iamh) mar chabhair duit. Tabharfaidh tú faoi deara, i gcás dreamanna poiblí neamhthráchtála, go gcuireann na "Treoirlínte chun críche Fhoirm Iarratais um Sholáthar a Chomhlánú" in iúl nach mór cead scríofa ón roinn bunaidh a ghreamú le haghaidh gach aon socrúcháin faoi a n-iarrfar. Ar mhiste a shonrú, gur chuir an Roinn seo in iúl do FÁS go bhfuil scoileanna aitheanta saor chun daoine a earcú faoin CSO agus dá bhrí sin nach gá do scoil cead ón Roinn seo a iarraidh más mian leo bheith mar sholáthraí

**7.** Mar is eol duit, déanfaidh Clár Athnuachana Rialtais foráil ar 1000 céimí ón tríú agus ceathrú leibhéal a fhostú chun acmhainn agus scileanna sa bhreis a sholáthar sa tseirbhís phoibli agus chun taithi oibre luachmhar a sholáthar. I láthair a leithéid de ghealltanas, iarrtar ort, ach go háirithe, socrúchán céimithe a éascú. Chuige sin, ar mhiste a shonrú nach ndéanfaidh an clár seo díláithriú ar na cláir shocrúcháin atá ann faoi láthair le haghaidh céimithe.

**8.** Ar mhiste teagmháil a dhéanamh le FÁS (www.fas.ie) le haghaidh faisnéise sa bhreis ar an ghné seo.

**9.** Is féidir teacht ar an imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie - Home – Education Personnel – Post-Primary/Primary – Circulars and Information Booklets – Programmes & Initiatives.

Dalton Tattan
Téarmaí agus Coinníollacha Oidí / Cuntóirí um Riachtanais Speisialta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
29 Deireadh Fómhair 2010